| SCRÚDUIMHIR ☞ | | Iomlán na Marcanna | |
|---|---|---|---|

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2011

## GAEILGE (BONNLEIBHÉAL)
## (270 MARC)

**DÉ LUAIN, 13 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 1.30 GO DTÍ 4.20**

STAMPA AN IONAID

| DON SCRÚDAITHEOIR | |
|---|---|
| CEIST | MARC |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| – | – |
| IOMLÁN (1-6) | |
| CT | |
| MÓRIOMLÁN | |
| GRÁD | |

| | |
|---|---|
| 1. Iomlán na n-iomlán i mbun gach leathanaigh. | |
| 2. Iomlán na n-iomlán ón ngreille thall (1-6). | |

## ROINN I – LÉAMHTHUISCINT (150 marc)

FREAGAIR **GACH** CEIST (**1**, **2** *agus* **3**).

**Ceist 1** Meaitseáil na pictiúir leis na fógraí/comharthaí agus scríobh síos an litir cheart sa bhosca in aice leis an uimhir cheart atá sa ghreille. (40 marc)

**1.**
**Feighlí Linbh ag teastáil**
Is gá a bheith ceanúil ar pháistí
Fón: Úna 089 22 21 22

**2.**
**Ná Snámh Anseo!**
Uisce Contúirteach

**3.**
Sladmhargadh
Earraí Leictreonacha
ar leathphraghas

**4.**
**Caith Crios Sábhála**
i gcónaí
sa charr seo

**5.**
**Seomra Ealaíne**
Luath-oscailt do dhaltaí
Déardaoin 7.50 a.m.

**6.**
**Club Dreapadóireachta**
Turas speisialta go Mont Blanc
Lúnasa 2011


**7.**
**Tiománaí Leoraí ag teastáil**
Ceadúnas glan riachtanach
Fón 0501 89654


**8.**
**Óstán Mhic Dhiarmada**
Rátaí Speisialta
*Seomraí ar €57*

**9.**
**Amharclann na Mainistreach**
**'An Giall'**
8.p.m. Dé Luain-Dé Sathairn

**10.**
**Siopa na bPeataí**
**Éisc órga, coiníní agus éin**
***'Ceannaigh peata do do pháiste'***


| Uimhir | Litir |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
























**Ceist 2** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(50 marc)**

**(a)** Léigh **an litir** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna atá fúithi. (25 mharc)

BORD GÁIS

Ceannáras an Gháis,
Corcaigh.

Sinéad Ní Chorcráin,
9 Bóthar na Trá,
Dún Garbhán.

29 Márta 2011

A Shinéad, a chara,

Go raibh maith agat as an litir agus as an C.V. a sheol tú chugam ar 25 Márta.

Feicim ón C.V. gur fhreastail tú ar mheánscoil i nDún Garbhán agus go ndearna tú an Ardteistiméireacht sa bhliain 2009. Bhain tú grád B amach sa Mhatamaitic agus sa Ghnó. Rinne tú Innealtóireacht freisin agus fuair tú grád A ann. Tá tú sa dara bliain san Institiúid Teicneolaíochta i bPort Láirge. Tá cúrsa staidéir sa Chuntasaíocht agus sa Ghnó á dhéanamh agat faoi láthair. Is mian leat taithí oibre a fháil in Oifig Chuntasaíochta Bhord Gáis an samhradh seo chugainn.

Fostaíonn Bord Gáis scoláirí oiriúnacha ó am go chéile ar chonradh sealadach. Iarrtar ort a bheith i láthair ag agallamh anseo i gCorcaigh ar 19 Aibreán ar a deich a chlog. Beir leat do theastas breithe agus bí cinnte go mbíonn tú i láthair leathuair an chloig roimh am an agallaimh.

Le meas,
*Oilibhéar Ó Duinn*
Bainisteoir Pearsanra

**Ceisteanna:**

**1.** Cén dáta ar sheol Sinéad a litir?

| | |
|---|---|
| 25 Márta | |
| 29 Márta | |
| 19 Aibreán | |

**2.** Cén t-ábhar ina bhfuair Sinéad Grád A san Ardteistiméireacht?

| | |
|---|---|
| Gnó | |
| Matamaitic | |
| Innealtóireacht | |

**3.** Cá bhfuil Sinéad ag staidéar faoi láthair?

| | |
|---|---|
| Sa mheánscoil | |
| San Institiúid Teicneolaíochta | |
| Le Bord Gáis | |

**4.** Cén obair a theastaíonn ó Shinéad le Bord Gáis an samhradh seo chugainn?

| | |
|---|---|
| Obair mar innealtóir | |
| Obair theicneolaíochta | |
| Taithí oibre sa Chuntasaíocht | |

**5.** Cad is gá do Shinéad a bhreith léi go dtí an t-agallamh?

| | |
|---|---|
| An litir seo | |
| A teastas scrúduithe | |
| A teastas breithe | |

**(b)** Léigh **an bróisiúr** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna atá faoi. (25 mharc)

## Feirm Chinn Sléibhe

***'Lóistín Feirme den scoth'***



Fág an chathair i do dhiaidh agus gabh ó dheas chugainn. Tá an fheirm álainn seo lonnaithe i lár Ghaeltacht Chiarraí, ag breathnú amach ar na Blascaodaí. Tá radhairc áille ó gach ceann de na trí sheomra codlata. Chomh maith leis sin tá trá ghainmheach os comhair an tí. Labhraíonn muintir an tí Gaeilge de ghnáth, agus tá an cultúr traidisiúnta go láidir ann.

Feirm oibre is ea Feirm Chinn Sléibhe. Bíonn ba agus caoirigh ag iníor sna páirceanna beaga díreach os cionn na farraige. Bíonn fear an tí le feiceáil gach lá ag crú na mbó. Tá clós feirme ar chúl an tí agus cúinne na bpeataí ann. Bíonn ceol na farraige le cloisteáil an t-am go léir.

Tá clú agus cáil ar an mbricfeasta a dhéanann bean an tí do na haíonna. Tá na trí sheomra codlata an-chompordach. Is féidir tae nó caife a dhéanamh i ngach seomra. Tá seomra suite compordach ann do na haíonna. Go minic san oíche bailíonn ceoltóirí na háite isteach sa chistin le haghaidh seisiún deas ceoil.

Caith cúpla lá linn anseo, ag siúl, ag iascaireacht nó ag snámh, agus rachaidh tú abhaile le neart, le fuinneamh nua agus faoi shuaimhneas intinne.

Déan teagmháil linn ar *www.feirmchinnsleibhe.ie*

**Ceisteanna:**

**1.** Cén áit a bhfuil an fheirm seo?

| | |
|---|---|
| Na Blascaodaí | |
| Gaeltacht Chiarraí | |
| Sa chathair | |

**2.** Cad atá os comhair an tí?

| | |
|---|---|
| Clós feirme | |
| Radhairc áille | |
| Trá ghainmheach | |

**3.** Cá bhfuil cúinne na bpeataí?

| | |
|---|---|
| Ar chúl an tí | |
| In aice na farraige | |
| Os comhair an tí | |

**4.** Cad is féidir a dhéanamh i ngach seomra?

| | |
|---|---|
| Bricfeasta | |
| Tae nó caife | |
| Seisiún ceoil | |

**5.** Cé a bhailíonn isteach sa chistin go minic?

| | |
|---|---|
| Ceoltóirí na háite | |
| Iascairí | |
| Na haíonna | |

**(c)** Léigh an **scéal nuachta** atá thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (25 mharc)

# Seanfhear Cliste Cróga



Cónaíonn Liam Mac Donnagáin, atá cúig bliana is seachtó d'aois, ar fheirm bheag iargúlta. Tá a theach cónaithe trí chiliméadar ón mbóthar mór. Seachas a iníon Áine agus a chomharsa Ned, ní thagann cuairteoirí chuige go rialta.

Ar a trí a chlog Dé hAoine seo caite, bhí Liam sa teach leis féin. Bhí sé tar éis an pinsean seanaoise a bhailiú ó Oifig an Phoist. Bhí sé istigh sa seomra folctha nuair a chuala sé veain ag stopadh lasmuigh den teach. Ach ní raibh an cuairteoir seo ag teacht chun cainte le Liam. Nuair a chuala Liam gloine fuinneoige á briseadh bhí a fhios aige go raibh gadaí sa teach. D'fhan Liam go ciúin faoi ghlas sa seomra folctha. Chuaigh an gadaí mórthimpeall an tí. Sciob sé airgead as tarraiceán sa chistin, bhain sé cúpla pictiúr den bhalla sa seomra suite agus sciob sé leis buidéal fuisce a bhí i gcófra. Ghearr sé an líne theileafóin sular fhág sé an teach.

Ach bhí Liam róchliste don ghadaí. Bhí fón póca aige agus sheol sé téacs chuig Áine, a iníon. Chuir Áine fios ar na gardaí láithreach. Nuair a tháinig an gadaí amach ar an mbóthar mór bhí scuadcharr ann roimhe agus gabhadh ar an bpointe é. Cúisíodh an gadaí os comhair na cúirte an tráthnóna céanna agus cuireadh siar faoi choinneáil é. Mhol na gardaí an seanfhear cliste cróga as an ngaisce a rinne sé.

**Ceisteanna:**

**1.** Cén aois atá Liam Mac Donnagáin?

| | |
|---|---|
| 57 | |
| 75 | |
| 83 | |

**2.** Cé a bhí sa veain a stop lasmuigh?

| | |
|---|---|
| Comharsa | |
| Gadaí | |
| Iníon Liam | |

**3.** Cá raibh an t-airgead?

| | |
|---|---|
| Sa chistin | |
| Sa seomra folctha | |
| Sa seomra suite | |

**4.** Cé a chuir fios ar na Gardaí?

| | |
|---|---|
| Liam | |
| A iníon Áine | |
| A chomharsa Ned | |

**5.** Cén áit ar cúisíodh an gadaí?

| | |
|---|---|
| Sa teach | |
| I stáisiún na nGardaí | |
| Os comhair na cúirte | |

**Ceist 3** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(60 marc)**

**(a)** Léigh **an t-alt** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna atá faoi. (30 marc)

## Dáithí Draíochta

Tá súilaithne ag beagnach gach duine in Éirinn ar Dháithí Ó Sé toisc go mbíonn sé ar an teilifís go minic. Ach cé hé an réalta teilifíse seo?




Timpeall sé bliana is tríocha ó shin a rugadh Dáithí i gContae Chiarraí. Is iomaí jab a rinne sé sular bhain sé clú amach ar an teilifís. D'oibrigh sé i siopa búistéara nuair a bhí sé ina dhéagóir. Chaith sé tamall ag obair sa sorcas. Thiomáin sé bád turasóireachta amach go dtí an Blascaod Mór. Rinne sé céim i Luimneach chun bheith ina mhúinteoir.

Fuair sé a sheans dul os comhair an cheamara mar fhear aimsire ar TG4 sa bhliain 1999 agus ba ghearr go raibh sé ina réalta teilifíse.

Rinne sé clár faoin mbóthar cáiliúil 'Route 66' sna Stáit Aontaithe sa bliain 2006. Ansin rinne sé clár faoi cheol Mheiriceá dar teidil 'Dáithí ar Route 61' sa bhliain 2008. Chonaic pobal uile na hÉireann é ar an gclár 'All-Ireland Talent Show'.
Sa bhliain 2010 ba é Dáithí an chéad Chiarraíoch a bhí mar fhear an tí ag Féile Rós Thrá Lí. Beidh sé ina fhear an tí ag an bhFéile arís i mbliana.

Ní dhéanann Dáithí aon traenáil speisialta. Ní dhéanann sé cócaireacht dó féin. Is breá leis píotsa a ithe! Deirtear go bhfuil mná uile na hÉireann i ngrá le Dáithí! Is dócha freisin go bhfuil fir na hÉireann in éad leis an bhfear cumasach seo!

**Ceisteanna:**

**1.** Cá mbíonn Dáithí Ó Sé go minic?

| | |
|---|---|
| Ar an raidió | |
| Ar an stáitse | |
| Ar an teilifís | |

**2.** Cén post a bhí ag Dáithí Ó Sé nuair a bhí sé ina dhéagóir?

______________________________________________

**3.** Cén bhliain a rinne Dáithí an clár faoi 'Route 66'?

| | |
|---|---|
| 1999 | |
| 2006 | |
| 2008 | |

**4.** Cén post a bhí ag Dáithí ag Féile Rós Thrá Lí sa bhliain 2010?

| | |
|---|---|
| Doirseoir | |
| Fáilteoir | |
| Fear an tí | |

**5.** Cé atá in éad le Dáithí Ó Sé?

| | |
|---|---|
| Mná na hÉireann | |
| Fir na hÉireann | |
| TG4 | |

**(b)** Léigh **an giota** seo a leanas agus freagair na ceisteanna atá faoi. (30 marc)

# *Scoil Samhraidh Willie Clancy*

An bhfuil suim agat sa cheol traidisiúnta?



Más mian leat an ceol traidisiúnta a chloisteáil nó a fhoghlaim tabhair cuairt ar Chontae an Chláir i mí Iúil. Tagann beagnach míle ceoltóir go dtí 'Scoil Samhraidh Willie Clancy' i Sráid na Cathrach gach bliain. Caitheann siad seachtain ag déanamh staidéir ar gach saghas uirlis cheoil thraidisiúnta. Bíonn ceol agus damhsa seit ann de lá is d'oíche. Cuirtear críoch ar an scoil le ceolchoirm mhór oíche Shathairn.

Ceoltóir iontach agus Gaeilgeoir ba ea Willie Clancy ó bhí sé óg. Ceoltóirí ba ea a thuismitheoirí. Bhí Willie ábalta gach saghas uirlise a sheinm ach thit sé i ngrá leis an bpíb uilleann. D'fhoghlaim sé ceol na bpíob ó na máistrí. Bhuaigh sé an chéad áit san Oireachtas sa bhliain 1947. Bhí Willie ina shiúinéir agus chaith sé tamall ag obair i Londain. Sheinn sé ceol leis an gceoltóir mór Seamus Ennis i Londain. D'fhill Willie ar Chontae an Chláir sa bhliain 1957. D'fhoghlaim na céadta ceoltóir uaidh. Fuair sé bás go tobann sa bhliain 1973. Bhí sé 54 bliain d'aois. Bhí brón chomh mór sin ar a chairde gur bhunaigh siad scoil samhraidh in onóir Willie Clancy.

Tá an scoil ag dul ó neart go neart ó shin. Tagann beagnach míle 'scoláire ceoil' go dtí Scoil Samhraidh Willie Clancy i dtús mhí Iúil gach bliain anois.

**Ceisteanna:**

**1.** Cén saghas ceoil atá i gceist sa ghiota seo?

| | |
|---|---|
| Ceol clasaiceach | |
| Ceol tíre | |
| Ceol traidisiúnta | |

**2.** Cá fhad a leanann Scoil Samhraidh Willie Clancy?

| | |
|---|---|
| Bliain | |
| Mí | |
| Seachtain | |

**3.** Cén uirlis cheoil lenar thit Willie Clancy i ngrá?

| | |
|---|---|
| An fhidil | |
| An bosca ceoil | |
| An phíb uilleann | |

**4.** Cad a rinne Willie sa bhliain 1957?

____________________________________________

**5.** Cé a bhunaigh an Scoil Samhraidh?

| | |
|---|---|
| Cairde Willie | |
| Seamus Ennis | |
| Willie Clancy | |

**(c)** Léigh **na véarsaí** seo a leanas agus freagair na ceisteanna atá fúthu. (30 marc)

## An Sionnach agus an Préachán


Leis an bpréachán bhí an t-ádh,
Fuair sé píosa cáise tráth,
Is d'eitil sé in airde ar chrann,
Chun béile breá a chaitheamh ann.
Bhí sionnach ag lorg bia dó féin,
Sionnach glic, sionnach séimh;
Níor ith sé dada feadh dhá lá,
Is bhí an t-ocras mór dá chrá.

Bheannaigh sé don éan dubh
'Gus dúirt: 'Nach breá atá sé inniu.
Go deimhin is tusa atá go deas
Is an ghrian ag taitneamh ort le teas.
Ná fan i do thost, a ghrá 's a stór,
Mar deirtear liom gur binn do ghlór;
B'fhearr liom ná ór, a shárphréacháin,
Tú a chlos anois ag rá amhráin.'

Do thaitin an moladh leis an éan.
Bhí sé mórálach maíteach as féin;
D'oscail a bhéal chun amhrán a rá
Is do thit an cháis uaidh ar lár.







Cáis

**Ceisteanna:**

**1.** Cad a fuair an préachán tráth?

| | |
|---|---|
| Píosa aráin | |
| Píosa cáise | |
| Píosa feola | |

**2** Cén fáth a raibh ocras ar an sionnach?

**3.** Conas a bhí an aimsir an lá sin?

| | |
|---|---|
| Bhí sé ag cur | |
| Bhí sé go breá | |
| Bhí sé fuar | |

**4.** Cén moladh a thug an sionnach don phréachán?

| | |
|---|---|
| Fan i do thost | |
| Is binn do ghlór | |
| Tá tú órga | |

**5.** Cén fáth ar oscail an préachán a bhéal?

| | |
|---|---|
| Chun amhrán a rá | |
| Chun bia a ithe | |
| Chun eitilt in airde | |

**ROINN II – SCRÍOBH NA TEANGA** **(120 marc)**

FREAGAIR **GACH** CEIST (**4**, **5** *agus* **6**)

Tá Ceist 4 ar na leathanaigh 10 agus 11.


Tá Ceist 5 ar na leathanaigh 12 agus 13.

Tá Ceist 6 ar na leathanaigh 14 agus 15.


☞

**Ceist 4** Freagair (a) **NÓ** (b). **(30 marc)**


**(a)** Féach ar na pictiúir thíos.




Cén rud?
Cén áit?




Cén oíche? Dáta? Am?
Cén cead isteach?



Cé a bheidh mar
Fhear an Tí?




Cá rachaidh
an t-airgead?

Scríobh amach an **FÓGRA** a bhaineann leis na pictiúir thuas.

**FÓGRA**

**NÓ**

**(b)** Féach ar na pictiúir thíos.





Is tusa an duine sna pictiúir seo. Scríobh **CUIREADH** chuig Úna ag insint di:

| | | |
|---|---|---|
| - Cad a bheidh ar siúl. Cén áit. Cén lá. Cén dáta. | } | |
| - Cén t-am. Cé mhéad ar thicéad. | } | Pictiúr 1 |
| - Go bhfuil a fhios agat gur maith le hÚna an rugbaí. | } | Pictiúr 2 |
| - Gur mhaith leat go rachadh Úna ann leat. | } | Pictiúr 3 |
| - Cá rachaidh sibh ar an mbealach abhaile. | } | Pictiúr 4 |

**CUIREADH**

**Ceist 5** Freagair (a) **NÓ** (b). **(40 marc)**

**(a)** Féach ar na pictiúir thíos.




Tá tusa ag obair sa Gharáiste seo an samhradh seo. Scríobh **litir** abhaile chuig do chara. Inis dó/di:

- Faoin n**Garáiste** agus faoin **áit** a bhfuil an Garáiste } Pictiúr 1
- Faoin **obair** a dhéanann tú sa Gharáiste. (**Trí** phointe ag teastáil) } Pictiúr 2
- Faoi **na daoine** a thagann go dtí an Garáiste. (**Dhá** phointe ag teastáil) } Pictiúr 3
- Faoi na rudaí a dhéanann tú nuair a bhíonn **am saor** agat } Pictiúr 4

**N.B. Bíodh leagan amach cuí ar do litir, i.e. seoladh, dáta, tús agus críoch oiriúnach.**

**LITIR**

**NÓ**

**(b)** Ba mhaith leat post a fháil in Ollstór 'Tesco'. Fuair tú an **Fhoirm Iarratais** seo le líonadh.
Líon isteach an **Fhoirm Iarratais** anseo thíos.
**Nóta:** Is tusa *Phil de Róiste*

## Ollstór Tesco
### Foirm Iarratais

Ainm: *Phil de Róiste*

Seoladh: ……..……………………………………..………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………..

Uimhir Theileafóin (Baile): ……………………………..…Fón Póca : …………………………………………….

Dáta Breithe: ……………………………………….…  Airde: …………………………………………………

Cén Scrúdú Teistiméireachta atá déanta agat? ………………….……………………………….………………..

Ainmnigh **cúig** ábhar scoile a rinne tú sa scrúdú sin: ..…………….………………………..……………

…………………………………………..…………………….…………………….…………….……..

Ar oibrigh tú riamh in Ollstór? ……………………………………………………………………………….

An mbeidh tú sásta a bheith ag obair ag an deireadh seachtaine? ………………..……………..………..................

Ainmnigh **trí** chaitheamh aimsire atá agat: …………..…………………………………….………………......

……………………………………………………………………………………………………………..

An gcaitheann tú tobac? …………………………………………………………………………..…….

Cuir **ciorcal** timpeall ar an dáta i mí Lúnasa is fearr leat le haghaidh agallaimh: 15ú 17ú 19ú

Scríobh **alt** beag (timpeall 40 focal) ag insint dúinn cén fáth ar mhaith leat a bheith ag obair in Ollstór Tesco.

Síniú: *Phil de Róiste*  Dáta …………..…..…..…..

**Ceist 6** Freagair (a) **NÓ** (b). **(50 marc)**

**(a)** Féach ar an bpictiúr thíos.

Bhí tú i láthair ag Cóisir na Nollag sa Chlub Óige.
Tá tú chun **cuntas** (timpeall 90 focal) a scríobh in Iris na Scoile faoin gCóisir.

Scríobh **an cuntas** sin (timpeall 90 focal) sa spás atá faoin bpictiúr.

## CÓISIR na NOLLAG sa CHLUB ÓIGE



**NÓ**

**(b)** Féach ar na pictiúir anseo thíos.

Tharla **an eachtra** seo agus tú amuigh ag rothaíocht le do chara. Tá tú chun scríobh faoin **eachtra** seo in Iris na Scoile (timpeall 90 focal).

Scríobh faoin **eachtra** (timpeall 90 focal) sa spás atá faoi na pictiúir.




| | | | |
|---|---|---|---|
| ag rothaíocht<br>abhainn | bruach na habhann<br>thit sé | scanradh<br>seaicéad | amach as an uisce<br>fuar fliuch |

## EACHTRA A THARLA

Leathanach Bán